# Met Éireann

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht

Eochairfhocail: rabhadh, foláireamh, póstaer, drochaimsir, buaiteoir

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cathain a fhógraíonn Met Éireann rabhadh aimsire?
2. Cad atá Met Éireann ag iarraidh ar dhaltaí bunscoile a dhéanamh?
3. Cén fáth a bhfuil an comórtas póstaer seo tábhachtach, dar le Layla?
4. Cad a gheobhaidh buaiteoir an chomórtais?
5. Cad é spriocdháta an chomórtais?

**Meaitseáil na frásaí difriúla seo a bhfuil an chiall chéanna leo**

- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch
- Tá sé ag stealladh báistí
- Tá sé te
- Tá sé fuar
- Tá sé ag cur báistí go héadrom
- Tá sé dorcha
- Tá sé scamallach
- Tá sé gaofar

- Tá sé brothallachí
- Tá sé gruama
- Tá sé ceobhránach
- Tá sé gaothach
- Tá an ghrian ag spalpadh anuas
- Tá sé néaltach
- Tá sé ag cur fearthainne go trom
- Tá sé préachta

**lig ort go bhfuil tú ag glacadh páirte sa chomórtas póstaer. Dear do phóstaer féin bunaithe ar rabhadh aimsire ó Met Éireann!**

# Na Freagraí

1. Nuair atá drochaimsir tuartha
2. Póstaeir a dhearadh bunaithe ar na foláirimh aimsire a fhógraíonn Met Éireann
3. Mar tá daoine óga in ann rudaí a fhoghlaim faoin aimsir
4. Stáisiún aimsire dá scoil
5. An lá deireanach de mhí Aibreáin

- Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch = Tá an ghrian ag spalpadh anuas
- Tá sé ag stealladh báistí = Tá sé ag cur fearthainne go trom
- Tá sé te = Tá sé brothallach
- Tá sé fuar = Tá sé préachta
- Tá sé ag cur báistí go héadrom = Tá sé ceobhránach
- Tá sé dorcha = Tá sé gruama
- Tá sé scamallach = Tá sé néaltach
- Tá sé gaofar = Tá sé gaothach

